Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 29 Márta 2022**
**(OR. en)**

**7670/22**
**ADD 3**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0084(COD)**

**CSC 128**
**CSCI 45**
**CYBER 100**
**INST 99**
**INF 40**
**CODEC 385**
**IA 34**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 22 Márta 2022 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 119 final - Iarscríbhinn 3 |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN 3 a ghabhann leis an Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le slándáil faisnéise in institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 119 final - Iarscríbhinn 3.

---

Faoi iamh: COM(2022) 119 final - Iarscríbhinn 3

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 22.3.2022
COM(2022) 119 final

ANNEX 3

**IARSCRÍBHINN**

**a ghabhann leis an**

**Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le slándáil faisnéise in institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais**

{SWD(2022) 65 final} - {SWD(2022) 66 final}

# IARSCRÍBHINN III

## Bearta maidir le cosaint fhisiciúil fhaisnéis rúnaicmithe an Aontais Eorpaigh (‘FRAE’)

***Trealamh agus bearta eagrúcháin maidir le cosaint fhisiciúil FRAE***

1. Ní mór do Limistéar Riaracháin na ceanglais seo a leanas a chomhlíonadh:

    (a) beidh imlíne aige a bheidh sainithe go sofheicthe lenár féidir daoine agus, más féidir, feithiclí a sheiceáil;

    (b) áiritheofar go ndéanfar fuinneoga trína bhféadfaí rochtain amhairc neamhúdaraithe a fháil ar FRAE laistigh den limistéar teimhneach nó go mbeidh siad feistithe le dallóga, cuirtíní, nó clúdaigh eile;

    (c) ní thabharfar rochtain gan tionlacan ach do dhaoine aonair atá údaraithe go cuí ag Údarás Slándála na hinstitiúide nó an chomhlachta lena mbaineann de chuid an Aontais;

    (d) beidh tionlacan le gach uile dhuine eile i gcónaí nó beidh siad faoi réir rialuithe coibhéiseacha.

2. De bhreis ar na ceanglais dá bhforáiltear i bpointe 1, ní mór do Limistéar Daingnithe na ceanglais seo a leanas a chomhlíonadh:

    (a) beidh imlíne aige a bheidh sainithe go sofheicthe agus cosanta trína ndéantar an dul isteach agus an imeacht a rialú i gcónaí;

    (b) beidh sé saor ó línte cumarsáide neamhúdaraithe, ó theileafóin neamhúdaraithe nó ó ghléasanna cumarsáide agus trealamh leictreach nó leictreonach neamhúdaraithe eile;

    (c) beidh sé feistithe le rialú rochtana agus le córas braite ionraidh (‘IDS’) faireacháin fíor-ama mar aon le pearsanra freagartha slándála;

    (d) déanfar cigireacht air ag deireadh na ngnáthuaireanta oibre agus ag eatraimh randamacha lasmuigh de na gnáthuaireanta oibre i gcás nach mbeidh pearsanra ar dualgas ann 24 uair an chloig agus i gcás nach bhfuil IDS faireacháin fíor-ama i bhfeidhm;

    (e) beidh sé á bhainistiú ag pearsanra slándála atá oilte, faoi mhaoirsiú agus a bhfuil an t-imréiteach slándála iomchuí aige;

    (f) beidh nósanna imeachta oibríochtaí slándála aige, lena n-áirítear na gnéithe seo a leanas:

        (i) an leibhéal FRAE a fhéadfar a láimhseáil, a phlé agus a stóráil sa limistéar;

        (ii) na bearta faireachais agus cosanta atá le coinneáil ar bun;

        (iii) na daoine aonair atá údaraithe rochtain gan tionlacan a bheith acu ar an limistéar de bhua a n-údaraithe FRAE a rochtain agus ar bhonn a riachtanais eolais;

        (iv) i gcás inarb iomchuí, na nósanna imeachta le haghaidh tionlacan nó chun FRAE a chosaint agus aon duine eile á údarú chun an limistéar a rochtain;

        (v) aon bheart agus nós imeachta ábhartha eile.

3. I gcás inarb dtugann dul isteach i Limistéar Daingnithe rochtain dhíreach ar an bhfaisnéis rúnaicmithe atá ann, ní mór an limistéar a bhunú mar Limistéar Aicme I agus i gcás nach amhlaidh an cás ní mór an limistéar a bhunú mar limistéar Aicme II.

Maidir leis an dá aicme de Limistéar Daingnithe dá dtagraítear sa chéad fhomhír agus sa bhreis ar na ceanglais dá bhforáiltear i bpointe 2, ní mór do Roinn/Oifigeach Slándála na hinstitiúide nó an chomhlachta lena mbaineann de chuid an Aontais a léiriú go soiléir leibhéal an aicmiúcháin slándála is airde den fhaisnéis a choimeádtar sa limistéar de ghnáth agus ní mór imlíne a shainiú go soiléir lenar féidir daoine aonair agus, i gcás inar féidir, feithiclí a sheiceáil.

Ní mór d'institiúidí agus comhlachtaí de chuid an Aontais a áirithiú go gcomhlíonann daoine aonair a théann isteach i Limistéar Daingnithe na critéir seo a leanas:

(a) tá údarú sonrach de dhíth orthu le dul isteach sa limistéar;

(b) bíonn tionlacan leo i gcónaí;

(c) tá an t-imréiteach slándála iomchuí acu mura ndéanfar bearta chun a áirithiú nach féidir FRAE a rochtain.

4. Limistéar Daingnithe a chosnaítear ar chúléisteacht éighníomhach agus ghníomhach, ní mór é a ainmniú ina Limistéar atá Daingnithe go teicniúil. Tá na ceanglais seo a leanas i bhfeidhm sa bhreis ar na ceanglais sin i leith Limistéir Dhaingnithe:

(a) caithfidh sé a bheith feistithe le IDS, a bheith faoi ghlas nuair nach bhfuil sé ar áitiú agus a bheith á ghardáil nuair atá sé ar áitiú. Ní mór aon eochair a bhainistiú i gcomhréir le hAirteagal 29(3);

(b) ní mór d'Údarás Slándála na hinstitiúide nó an chomhlachta lena mbaineann de chuid an Aontais cigireacht rialta a dhéanamh air, go fisiciúil nó go teicniúil, nó an dá rud. Ní mór na cigireachtaí sin a dhéanamh chomh maith tar éis aon dul isteach neamhúdaraithe nó má bhíonn amhras ann gur tharla dul isteach den chineál sin;

(c) caithfidh fuaimchosaint agus cosaint TEMPEST iomchuí a bheith aige.

5. Ní mór do gach duine a thagann isteach i Limistéir atá Daingnithe go teicniúil na ceanglais a leagtar amach i bpointe 3 a chomhlíonadh.

6. Féadfar Limistéir Dhaingnithe agus Limistéir atá Daingnithe go teicniúil a chur ar bun go sealadach laistigh de Limistéar Riaracháin le haghaidh cruinniú rúnaicmithe nó le haghaidh aon chuspóir eile den chineál sin.

7. Ní mór seomraí daingne a thógáil laistigh de Limistéir Dhaingnithe. Is éard is seomra daingean ann seomra ag a bhfuil tógáil fhisiciúil threisithe agus a bhfuil na ballaí, na hurláir, na síleálacha, na fuinneoga agus na doirse inghlasáilte ann formheasta ag Údarás Slándála na hinstitiúide nó an chomhlachta lena mbaineann de chuid an Aontais. Ní mór do sheomraí den sórt sin cosaint a sholáthar atá coibhéiseach leis an gcosaint a sholáthraíonn coimeádán slándála arna fhormheas chun FRAE ar an leibhéal céanna aicmiúcháin a stóráil.

***Bearta cosanta fisiciúla chun FRAE a láimhseáil agus a stóráil***

8. Ní mór FRAE a aicmítear mar RESTREINT UE/EU RESTRICTED a láimhseáil agus a stóráil in gceann de na réimsí seo a leanas:

(a) i Limistéar Daingnithe;

(b) i Limistéar Riaracháin ar choinníoll go bhfuil an FRAE cosanta ar rochtain ag daoine neamhúdaraithe;

(c) lasmuigh de Limistéar Daingnithe nó de Limistéar Riaracháin ar choinníoll go ngeallann an sealbhóir go gcomhlíonfaidh sé bearta cúiteacha arna gcinneadh ag Údarás Slándála gach institiúide agus comhlachta de chuid an Aontais.

9. Ní mór FRAE a aicmítear mar RESTREINT UE/EU RESTRICTED a stóráil i dtroscán oifige atá faoi ghlas i Limistéar Riaracháin nó i Limistéar Daingnithe. Féadfar é a stóráil go sealadach lasmuigh de Limistéar Riaracháin nó de Limistéar Daingnithe ar choinníoll go ngeallann an sealbhóir go ndéanfaidh sé na doiciméid lena mbaineann a stóráil i dtroscán oifige iomchuí atá faoi ghlas nuair nach bhfuil siad á léamh ná á bplé.

10. Féadfaidh institiúidí agus comhlachtaí de chuid an Aontais faisnéis RESTREINT UE/EU RESTRICTED a láimhseáil agus a stóráil lasmuigh dá suíomhanna ar choinníoll go ndéantar an fhaisnéis ábhartha a chosaint go hiomchuí. Chun na críche sin, ní mór d'institiúidí agus comhlachtaí de chuid an Aontais na bearta dá bhforáiltear i bpointe 8(c) a chomhlíonadh.

11. Ní mór faisnéis CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL agus SECRET UE/EU SECRET a láimhseáil agus a stóráil i gceann de na limistéir seo a leanas:

(a) i Limistéar Daingnithe;

(b) i Limistéar Riaracháin ar choinníoll go bhfuil an FRAE cosanta ar rochtain ag daoine neamhúdaraithe;

(c) lasmuigh de Limistéar Daingnithe nó de Limistéar Riaracháin i gcás nach bhfuil i gceist ach méid teoranta faisnéise agus ama agus ar choinníoll go ngeallann an sealbhóir go gcomhlíonfaidh sé bearta cúiteacha arna gcinneadh ag Údarás Slándála na institiúide nó an chomhlachta lena mbaineann de chuid an Aontais. Ina theannta sin, ní mór do shealbhóir FRAE na céimeanna seo a leanas a dhéanamh:

(i) fógra a thabhairt don chlárlann ábhartha go bhfuil doiciméid rúnaicmithe á láimhseáil lasmuigh de limistéir faoi chosaint;

(ii) an doiciméad a choimeád faoina rialú i gcónaí.

12. Ní mór faisnéis CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL agus SECRET UE/EU SECRET a stóráil i Limistéar Daingnithe atá creidiúnaithe ar an leibhéal sin ag Údarás um Chreidiúnú Slándála inniúil na hinstitiúide nó an chomhlachta lena mbaineann de chuid an Aontais, bíodh sí á stóráil laistigh de choimeádán slándála nó laistigh de sheomra daingean.

13. Ní féidir ach leis an gClárlann ábhartha doiciméid a aicmítear mar CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL nó ar leibhéal níos airde a chóipeáil.

14. Ní mór faisnéis TRES SECRET UE/EU TOP SECRET a láimhseáil agus a stóráil i Limistéar Daingnithe atá creidiúnaithe ar an leibhéal sin. Chuige sin, féadfaidh institiúidí agus comhlachtaí de chuid an Aontais na socruithe is gá a thabhairt i gcrích chun Limistéar Daingnithe a úsáid arna óstáil agus arna chreidiúnú ar an leibhéal iomchuí ag Údarás um Chreidiúnú Slándála institiúide agus comhlachta eile de chuid an Aontais.

15. Ní mór faisnéis TRES SECRET UE/EU TOP SECRET a stóráil i Limistéar Daingnithe atá creidiúnaithe ar an leibhéal sin ag Údarás um Chreidiúnú Slándála na

hinstitiúide inniúla nó an chomhlachta inniúil lena mbaineann de chuid an Aontais, agus í a stóráil faoi cheann de na coinníollacha seo a leanas:

(a) i gcoimeádán slándála arna fhormheas ag Údarás Slándála gach institiúide agus comhlachta de chuid an Aontais agus ceann de na rialuithe forlíontacha seo a leanas á chur i bhfeidhm aige:

  (i) cosaint nó fíorú leanúnach ag foireann slándála nó pearsanra ar dualgas a bhfuil imréiteach aige;

  (ii) IDS formheasta mar aon le pearsanra freagartha slándála.

(b) i seomra daingean atá feistithe le IDS mar aon le pearsanra freagartha slándála.